An Roinn Oideachais
Department of Education

**Uimhir Chiorcláin: 0085/2024**.

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha atá Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

# Ráta nua pá le haghaidh Coimhdirí Iompair Scoile

Ghabh an Rannóg Iompair Scoile uirthi féin athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta reatha pá do Choimhdirí Iompair Scoile roimh dheireadh na bliana 2024. Tá an t-athbhreithniú sin críochnaithe anois, agus socraíodh ráta athbhreithnithe in aghaidh na huaire dá bharr. Tá mionsonraí faoin ráta athbhreithnithe agus faoin soláthar cistiúcháin do scoileanna tugtha thíos.

## Ráta in aghaidh na hUaire

Is é €15.20 an ráta athbhreithnithe in aghaidh na huaire a bhfuil éifeacht leis ón **01 Deireadh Fómhair 2024**.

Is ionann an ráta sin agus an ráta in aghaidh na huaire, agus níl an pá saoire reachtúla dá dtagraítear thíos ar áireamh ann. Níor cheart an ráta in aghaidh na huaire agus an ráta pá saoire a shuimiú le chéile tráth na híocaíochta. Ba cheart íocaíocht ar leith a dhéanamh i leith pá saoire carntha.

Ba cheart do scoileanna ÁSPC ón bhfostóir ag ráta 8.9% agus na rátaí is infheidhme a chur ar áireamh agus an méid deontais atá ar fáil lena chaitheamh á ríomh acu.

## Cistiú

Soláthrófar an cistiú breise ar dtús do scoileanna a bhfuil a “bhFoirm Réitigh Coimhdire” curtha isteach acu don scoilbhliain 2023/24. Soláthrófar é ansin do gach scoil eile a chuirfidh a bhFoirm isteach ina dhiaidh sin.

## Pá Saoire

Íoctar pá saoire ag ráta 8% in aghaidh na huaire a oibrítear faoi láthair. Is ionann é sin agus €1.22 (€15.20 x 8%), agus tá sé iníoctha i leith gach uaire a

oibrítear le héifeacht ón 01 Deireadh Fómhair 2024. Ós rud é gur íocadh pá saoire amach cheana féin i leith na n-uaireanta a chuir scoileanna isteach ar a bhFoirm Réitigh Coimhdire don bhliain 2023/24, is ar bhonn pro rata a ríomhfar an méid atá fágtha.

## Liúntas Riaracháin

Íoctar liúntas riaracháin le gach scoil faoi láthair, rud a ríomhtar ag ráta 5% de na huaireanta a oibríonn a gcoimhdirí. Tá sé mar aidhm leis an muirear sin cabhrú le scoileanna íoc as an gcostas a bhaineann le fostaíocht coimhdirí ina scoil a riar. Ós rud é gur íocadh liúntas riaracháin amach cheana féin i leith na n-uaireanta a chuir scoileanna isteach ar a bhFoirm Réitigh Coimhdire don bhliain 2023/24, is ar bhonn pro rata a ríomhfar an méid atá fágtha.

## Taifead Tinrimh

Meabhraítear d'fhostóirí na hoibleagáidí atá orthu tinreamh a thaifeadadh agus an reachtaíocht fostaíochta iomchuí ar fad a chomhlíonadh.

## Scaipeadh agus Ceisteanna

Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na gcoimhdirí uile atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear daoine atá as láthair le cead.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/en/circulars/

Rinne an Rannóg Iompair Scoile sa Roinn paca faisnéise a fhorbairt agus a eisiúint do scoileanna le déanaí maidir le Coimhdirí Iompair Scoile, agus déanfar an paca faisnéise sin a athbhreithniú agus a nuashonrú go tráthrialta.

Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig escorttransport@education.gov.ie

**Barbara Mulhall**
**Príomhoifigeach (Gníomhach)**
**An Rannóg Iompair Scoile**

**Dáta Eisiúna** 04 Samhain 2024